

**Tuairisc ar
Ghéilliúlacht
do Chuid 5
den Acht
Míchumais
2005 do 2019**



Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Clár

Achoimre Feidhmeannach	2
Léargas ar anailís reatha	2
Laghdú ar an líon fostaithe a thuiriscíonn faoi mhíchumas	2
FSS	3
Cúiseanna Maolaithe mar bhac ar chomhlachtaí poiblí an t-íosmhéid 3% a shroichint	5
Forbairtí Dearfacha	5
Sprioc-amanna don Tuairisciú	8
I Réamhrá	9
1.1 Cúlra Dlíthiúil	9
1.2 Fostaithe míchumais a chomhaireamh	9
1.3 Cur le hearcú daoine atá faoi mhíchumas	10
1.4 Athbhreithniú ar Chuid 5	11
2. Príomhthorthaí do 2019	12
2.1 Sáraíodh an sprioc 3% don naoiú bliain as a chéile	12
2.2 Athruithe ar chomhlachtaí	13
2.3 Anailís de réir cineál an chomhlacht phoiblí	13
2.4 Anailís de réir méid an chomhlacht san earnáil phoiblí	16
3. Monatóireacht agus Géilliúlacht	19
3.1 Géilliúlacht don Acht - 2016 agus 2017	19
3.2 Géilliúlacht don Acht - 2017 agus 2018	19
3.3 Géilliúlacht don Acht 2018 and 2019	20
3.4 Freagracht um Shonraí cruinn a sholáthar	21
3.5 Coistí Monatóireachta	21
3.6 Maolú	21
3.7 Errata – athruithe ar shonraí	21
Aguisín A – Ranna Rialtais	22
Aguisín B – Comhlachtaí Poiblí	24
Aguisín C – Rátaí Freagartha daonáireamh foirne 2019	42

Achoimre Feidhmeannach

Seo an ceathrú tuairisc déag ón Údarás Náisiúnta Míchumais (NDA) ar lucht míchumais a fhostú san earnáil phoiblí. Tá ról reachtúil ag an NDA, a eascraíonn as Cuid 5 den Acht Míchumais 2005, maidir le monatóireacht ar fhostú lucht míchumais san earnáil phoiblí.

Léargas ar anailís reatha

Faoi dheireadh na bliana 2019, ar an iomlán bhí 238,174 fostaí sna comhlachtaí cuí san earnáil phoiblí, b'in méadú 6,390 (+2.8%) ó 2018. I 2019, thuiriscigh 7,319 (3.1%) fostaí faoi mhíchumas, b'in laghdú 265 (-3.5%) ó fhiúirí 2018. Is fíor, áfach, gur sháraigh an earnáil phoiblí ar an iomlán an t-íosmhéid 3% don naoiú bliain as a chéile.

I 2019, shroich nó sháraigh 186 (86.1%) comhlacht poiblí an t-íosmhéid 3% i gcomparáid le 83 (84.3%) comhlacht i 2018. I 2019, níor shroich 30 (13.9%) comhlacht poiblí an t-íosmhéid 3% i gcomparáid le 34 (15.7%) comhlacht poiblí i 2018.

I 2019, bhí 20 (66.7%) as 30 comhlacht beaga poiblí ag a raibh níos lú ná 30 fostaí nár shroich an sprioc 3%. Dá dtuairiscíodh gach comhlacht díobh siúd fostaí shroichfí nó shárófaí an t-íosmhéid 3%.

I 2019, ar aon dul le 2018, shroich ceithre chineál as cúig comhlacht poiblí an t-íosmhéid 3% (Comhlachtaí Tráchtála, Ranna Rialtais, Rialtas Áitiúil, agus Comhlachtaí Poiblí faoi Státsheirbhísigh).

Sa tuairisc seo, tá ceithre chatagóir ann do na comhlachtaí poiblí mar a leanas:

- 0-99 fostaí
- 100-999 fostaí
- 1000-4,999 fostaí
- 5,000 fostaí

I 2019, shroich nó sháraigh trí cinn de na catagóirí an t-íosmhéid 3%, ar aon dul le 2018. Sa dá bhliain úd, níor shroich comhlachtaí poiblí ag a raibh os cionn 5 000 fostaí an sprioc.

Laghdú ar an líon fostaíthe a thuiriscíonn faoi mhíchumas

I 2019, thuiriscigh 7,319 (3.1%) fostaí faoi mhíchumas. Sin laghdú 265 (-3.5%) ar fhiúir 2018 mar 3.3% faoi mhíchumas.

Tharla an laghdú seo i gcomhthéacs méadú 6,390 (+2.8%) ó 2018 ar an líon iomlán fostaithe san eanáil phoiblí. Seo an tarna huair ón mbliain 2013 gur tháinig laghdú ar líon iomlán agus céatadán na bhfostaithe faoi mhíchumas san eanáil phoiblí ar fad. Tógann an NDA ceann den mhéid sin, ach mínítear anso thíos go bhfuil roinnt dálaí a bheadh tar éis cur leis an staid seo. Leanann an NDA de thacaíocht agus treoir bunaithe ar fhianaise a sholáthar do chomhlachtaí poiblí chun cabhrú leo ag cruthú timpeallacht imeasctha oibre. D'fhéadfaí cur le hearcú agus fostú lucht míchumais a bhraiatáifeadh go bhfuil tacaíocht agus compord acu is iad ag nochtadh míchumais.

FSS

Is í FSS an chomhlacht poiblí is mó san eanáil phoiblí. I 2019 thuairiscigh an comhlacht seo méadú +394 fostaí ó 87,821 i 2018 go 88,215 i 2019. Luadh titim mhór i líon (-712) agus céatadán (-0.8%) na bhfostaithe faoi mhíchumas ó 2018 go 2019. In 2018, thuairiscigh 1,176 (1.3%) fostaí faoi mhíchumas, i 2019 thit an líon san go 464 (0.5%).

I dTábla anso thíos lagtar béim ar an dtionchar a bhíonn ag FSS – mar an fostaí is mó san eanáil phoiblí – ar an gcéatadán iomlán fostaithe a thuairiscigh míchumas san eanáil phoiblí i 2019.

Tábla 1. Céatadán iomlán fostaithe a thuairiscigh míchumas, Sonraí FSS 2019 ann agus as

Bliain	Líon iomlán fostaithe	Líon taifeadta fostaithe faoi mhíchumas	% iomlán fostaithe
2019 (sonraí FSS sa áireamh)	238,174	7,319	3.1%
2019 (gan sonraí FSS)	149,959	6,855	4.6%

Má fhágtar sonraí FSS 2019 as an áireamh, mhéadódh céatadán iomlán lucht míchumais san eanáil phoiblí ó 3.1% go 4.6% (+1.5%).

Léiríonn Tábla 2, má dheantar comparáid idir feidhmiú iomlán an eanáil phoiblí ó 2018 go 2019 gan sonraí FSS don dá bhliain úd, gur mhéadaigh iomlán na bhfostaithe san eanáil phoiblí do na comhlachtaí go léir faoi 5,996 (+4.2%). Mhéadaigh an líon fostaithe faoi mhíchumas faoi 447 (+7.0%) agus mhéadaigh céatadán na bhfostaithe a thuairiscigh míchumas go han-mhion faoi 0.1%. Ní mór a chur san áireamh, áfach, go gclúdaíonn an figiúr úd líon beag comhlachtaí eile ar

laghdaigh líon a bhfostaithe faoi mhíchumas le linn tréimhse na tuairisce, mar a mhínítear anso thíos i gCuid 3.3.

Tábla 2. Feidhmiú iomlán san earnáil phoiblí ó 2018 go 2019 gan sonraí FSS

Bliain	Líon iomlán fostaithe	Líon taifeadta fostaithe faoi mhíchumas	% iomlán fostaithe
2018 (gan sonraí FSS)	143,963	6,408	4.5%
2019 (gan sonraí FSS)	149,959	6,855	4.6%

Plé an NDA le FSS

Cuireann an NDA bearta in iúl don FS ar bhonn leanúnach chun plé le ceisteanna bailithe sonraí agus nochtadh míchumais a bhíonn acu go rialta. Níor mhór próisis bhailithe sonraí a úsáid chun bearta FSS a chruthóidh timpeallacht imeasctha oibre a léirú, nósanna a léireodh tacaíocht agus coimeád do lucht míchumais a chur chun cinn is a neartú.

Bhuail NDA le Stiúrthóirí Náisiúnta Daonacmhainní an FSS cheana féin chun cabhrú leo na riachtanais faoi Chuid 5 a bhaint amach. Ar an 2 Nollaig 2019, bhuail Feidhmeannacht an NDA le Príomoifigeach an FSS chun bearta i dtreo feabhsú faoi Chuid 5 a phlé.

Ó Mheitheamh 2020 i leith bhunaigh agus phléigh NDA le próisesas i dteannta meitheal ainmnithe ceaptha ag FSS chun díriú ar an ngéilliúlacht FSS do Chuid 5. Bhuail an NDA leis an meitheal seo ó am go chéile.

Mhínigh FSS don NDA gur thosaíocht ab ea í déileáil lena gceisteanna um bhailiú sonraí. Dá réir sin, d'fháiltigh an NDA roimh cheardlann dúnta ar líne don phearsanra cuí FSS (bainteach le próiseas Chuid 5, earcú agus fostaíocht) ar an 7 Meán Fómhair 2020. Bhí sé mar aidhm ag an gceardlann, de réir treoir NDA, próisis éifeachtach um bhailiú sonraí a fhorbairt ó thimpeallacht oibre a chuireann earcú agus fostú lucht míchumais chun cinn agus a thacaíonn leo.

Aithníonn an NDA gur cúis díomá is ea an líon fostaithe faoi mhíchumas san FSS i 2019. Is fíor freisin, áfach, go bhfuil FSS tar éis tosú ar an bhfoghlaím ón bpróiseas is plé leanúnach maidir le Cuid 5. Thuig an NDA an sraith físeáin a léirigh FSS ina raibh lucht míchumais fostaithe is iad ag plé a dtaithí féin san FSS agus na tacaíochtaí a bhí ar fáil. Spreag siad fostaithe le páirt a ghlacadh san Suirbhé Imeasctha Míchumais atá ag an eagraíocht.

Táthar ag súil, trí thacaíocht leanúnach FSS, go gcuirfear feabhas ar an bhfeidhmíocht faoi Chuid 5 den Acht Míchumais 2005.

Cúiseanna Maolaithe mar bhac ar chomhlachtaí poiblí an t-íosmhéid 3% a shroichint

I 2019, tuairiscíonn roinnt comhlachtaí poiblí, FS san áireamh, go mbíonn easpa nochtá ag cur bac orthu mar nach bhfaigheann siad comhaireamh cruinn ar líon agus céatadán fostaithe nua faoi mhíchumas sna heagraíochtaí. Thuairiscigh comhlachtaí eile go mbíonn mearbhall ar fhostaithe faoin sainmhíniú ar mhíchumas agus/nó fostaithe faoi mhíchumas a théann ar scor, dá dheasca san tuairiscíodh laghdú ar an líon agus céatadán fostaithe a thuairiscigh míchumas i mbliana.

Leanann an NDA de shaothrú go dlúth le comhlachtaí poiblí ar bhearta a chruthódh timpeallacht imeasctha oibre a dhíríonn ar an earcú úd, lucht míchumais a choimeád sa phost a mhéadú agus go mbraithfeadh na fostaithe go dtacaítear leo maidir le míchumas a nochtadh.

Buailfeann an NDA go minic leis an Roinn Daonacmhainní agus/nó Meithil Shinsearach Bhainistíochta comhlachtaí poiblí ag a mbíonn deacrachtaí an sprioc mar 3% a bhaint amach. Cabhraítear leo maidir le gnímh a chuirfeadh leis an ngéilliúlacht faoi Chuid 5 den Acht Míchumais 2005.

Tá an NDA tiomanta i gcónaí do chomhairle a thabhairt do chomhlachtaí poiblí sna cúrsaí seo Cuid 5. Is fíor, áfach, go dtugann an NDA faoi deara nach dócha go mbaintear amach an sprioc reachtúil fostaíochta mar íosmhéid 6% faoi 2024 muna ndíríonn ar fheidhmíocht a fheabhsú faoi Chuid 5. Tá an Rialtas anois tiomanta don sprioc reachtúil fostaíochta mar íosmhéid 6% faoi 2024 faoin **Straitéis Chuimsitheach Fhostaíochta do Lucht Míchumais 2015-2024** agus sa **Chlár Rialtais 2020**.

Forbairtí Dearfacha Feidhmiú á fheabhsú

Is maith leis an NDA go mbíonn roinnt comhlachtaí poiblí ag dul chun cinn maidir le timpeallacht imeasctha oibre a chruthú a thacaíonn le hearcú lucht míchumais, san am gcéanna méadaítear ar an líon freagraí a fhaightear ó fhostaithe faoi mhíchumas.

Rinne Bord na gCon athbhreithniú iomlán ar a bpróiseas bailithe sonraí don bhliain 2019. Go dtí seo stiúraigh siad suirbhé bliantúil foirne trí chóipeanna crua a eisiúint is a bhailiú arís ó na fostaithe aonair. Ní bhíodh an ráta freagartha go maith go dtí seo, i ndáiríre maidir le nádúr scaipthe an ghnó atá acu. I 2019, d'fhorbair an comhlacht seo suirbhé digiteach ag baint leas as *SurveyMonkey* a eisíodh don bhfoireann iomlán a bhí ann ar an 31 Nollaig 2019. Cinntíodh go bhfuair gach éinne an suirbhé agus bhíodhas in ann na freagraí a thabhairt go leictreonach ar fhón póca nó ríomhaire.

Anuas air sin d'fhorbair an comhlacht seo straitéis cumarsáide ar fud na heagraíochta a spreag na fostaithe ar fad chun páirt a ghlacadh. Fuair gach aon fhostaí eolas ag cur in iúl canathaobh go raibh na sonraí á mbailiú, an leas a bhainfí astu agus conas mar a chuirfeadh an t-eolas leis an gcomhthéacs polasaí a fheabhsaíonn deiseanna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas. Chabhraigh an cur chuige seo go mór le Bord na gCon agus fuarthas an-chuid freagraí ó na fostaithe, ar an dul céanna tháinig méadú mór ar an líon agus céatadán fostaithe a thuiriscigh míchumas ó 11 (2.5%) i 2018 go 56 (8.1%) i 2019.

Ní mór ceann a thógaint den bhfíric nach as féin a sheasann an fhorbairt dhearfach seo. Tá bearta eile anois ag Bord na gCon chun timpeallacht imeasctha a chruthú do lucht míchumais agus tacú leo ag nochtadh míchumais. Ar na príomhbhearta úd tá:

- Oiliúint ar fheasacht míchumas a sholáthar do bhainisteoirí líne a thabharfaidh scileanna agus saineolas dóibh maidir le tacú le fostaithe míchumais sa láthair oibre.
- Saothrú leis an eagraíocht AHEAD chun féidearthacht líon deiseanna taithí oibre a sholáthar do lucht míchumais a phlé.

D'fhorbair Bord Soláthar an Leictreachais (BSL) suirbhé nua do na fostaithe ag lorg sonraí 2019, ina theannta bhí straitéis nua cumarsáide a mhínigh canathaobh go raibh na sonraí á mbailiú agus an leas a bhainfí astu. Dá bharr san tháinig méadú ar an líon agus céatadán fostaithe a thuiriscigh míchumas ó 187(3.1%) i 2018 go 255 (4.1%) i 2019.

Is léir go bhfuil torthaí leanúnach ar bhearta an EBSL i dtreo timpeallacht imeasctha oibre. Tionscnamh an-mhór acu is ea an Clár bliantúil Foghlaimeoirí do dhaoine faoi mhíchumas atá ar bun ón mbliain 2006. Féadfaidh foireann an BSL agus daoine lasmuigh den eagraíocht cur isteach ar an gClár. Tugtar taithí oibre, pá agus deiseanna oiliúna go ceann sé mhí. I 2019, ghlac 10 faoi mhíchumas páirt sa Chlár seo. Deir an BSL go bhfuil suim ag eagraíochtaí eile sa Chlár Oiliúna seo. D'eagraigh AHEAD cruinnithe agus comhráití leo siúd chun buanna an chláir a phlé.

I 2019, bhí an BSL ag bunú Grupa Acmhainní Fostaithe (ERG) d'fhostaithe faoi mhíchumas, tuismitheoirí/caomhnóirí leanai faoi mhíchumas agus baill fhoirne a mbeadh suim acu san ábhar maidir le míchumas. Meastar go mbeidh an Grúpa úd ag feidhmiú faoi 2020.

Rinne an comhlacht poiblí seo léiriú ag an **AHEAD/WAM Employer Network Event – “Graduate Programmes - Making the Mainstream**

Inclusive” i 2019. Bhailigh fostóirí le chéile chun topaicí áirithe a phlé maidir le próiseas earcaíochta do chéimithe.

I dTábla 3 tá breis sonraí ar fheidhmíocht na gcomhlachtaí úd do 2018 agus 2019.

Tábla 3: Feidhmíocht Bhord na gCon agus an BSL i 2018 agus 2019

Comhlacht Poiblí	Líon iomlán fostaithe		Líon agus % fostaithe faoi mhíchumas		Méadu ar an líon fostaithe faoi mhíchumas i 2019
	2018	2019	2018	2019	
Bord na gCon	434	690	11 (2.5%)	56 (8.1%)	+45
Bord Soláthar Leictreachais	6,126	6,212	187 (3.1%)	255 (4.1%)	+68

Léirigh na comhlachtaí poiblí seo go mbaineann tábhacht le timpeallacht imeasctha oibre a chruthú is a choimeád suas, tá tábhacht ag baint le hatmaisféar a chuireann earcú agus fostú daoine faoi mhíchumas chun tosaigh agus ar an gcuma san cuirtear feabhas ar rátaí freagartha bliantúla. Má bhíonn fostaithe compordach ag nochtadh a stádas mar dhaoine faoi mhíchumas, is é is dóichí ná go nglaca siad le daonáireamh nó suirbhé bliantúil foirne.

Fáiltíonn an NDA roimh na forbairtí dearfacha seo agus an tiomantas comhlachtaí poiblí a leanann dá ndualgais a chomhlíonadh faoi Chuid 5 den Acht Míchumais 2005. Leanann an NDA de chomhairle a chur agus tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí poiblí sa mhéid seo.

Tá dualgas ar gach Roinn agus Oifig Státseirbhíse Oifigeach Teagmhála Míchumais a cheapadh chun tacú agus cabhrú leis an bhfoireann faoi mhíchumas is a mbainisteoirí líne trí eolas riachtanach, teagmhála cuí, treoir, moltaí agus comhairle a chur orthu. Is minic a bhíonn Oifigeach Teagmhála Míchumais ar Choistí Monatóireachta Ranna.

Mí Feabhra 2020, d'iarr Gréasáin na nOifigeach Teagmhála Míchumais ar an NDA seimineár a reachtáil ar dhualgais comhlachtaí poiblí faoi Chuid 5 den Acht Míchumais 2005 agus bearta a d'fhéadfadh comhlachtaí poiblí a dhéanamh chun timpeallacht imeasctha oibre a chruthú. Ar an 11 Márta 2020, sular thosaigh an paidéim Covid-19, d'fháiltigh an NDA roimh sheimineár agus bhí slua maith i láthair.

Thug an cheardlann úd ábhar luachmhar foghlamtha dóibh a chabhródh le comhlachtaí poiblí sna ranna faoi seach a bhfeidhmíochct a fheabhsú faoi Chuid 5 den Acht Míchumais 2005.

Sprioc-amanna don Tuairisciú

In ainneoin na paindéime reatha, d'éirigh le 80% de Ranna Rialtais a gcuid tuairiscí Cuid 5 a chur isteach ar nó roimh an dáta deiridh reachtúil. Seoladh an 20% eile faoi 6 Iúil 2020.

Tá meas ag an NDA ar an dtacaíocht agus comhoibriú a fhaightear ó Choistí Monatóireachta Ranna is na sonraí a sheoladh chomh tapaídh san agus cúinsí mar atáid faoi láthair.

Is mian leis an NDA glacadh leis na freagraí sciobtha agus an chabhair mhór faighte ó na Coistí Monatóireachta Ranna maraon le comhlachtaí poiblí faoi shonraí sna tuairiscí Ranna 2019.

1 Réamhrá

1.1 Cúlra Dlíthiúil

I gCuid 5 den Acht Míchumais 2005 leagtar síos ról reachtúil don Údarás Náisiúnta Míchumais (NDA) um mhonatóireacht ar an earnáil phoiblí. Sonraítear freisin na dualgais atá ar chomhlachtaí poiblí agus ranna rialtais i leith fostaíocht, tuairisciú agus monatóireachta.

Go hachomair, is iad na dualgais faoin Acht:

- Déanfaidh comhlachtaí poiblí, chomh fada agus is féidir, gach beart réasúnta chun fostú lucht míchumais a chur chun cinn is tacóidh siad leis an bhfostú céanna (S.47.1a)
- Cinnteoidh comhlachtaí poiblí, ach fáth maith a bheith acu lena mhalairt, go sroichtear na spriocanna géilliúlachta a leagtar síos (S.47.2)
- Bunóidh na hAirí coiste monatóireachta ina Ranna féin (S.48.1)
- Seolfaidh comhlachtaí poiblí tuarascáil bhliantúil ar ghéilliúlacht chuig an coiste monatóireacht sa roinn a bhaineann leo faoin 31 Márta in aghaidh na bliana (S.48.2)
- Seolfaidh an coiste tuairisc bhliantúil chuig an NDA faoin 30 Meitheamh (S.48.5d)
- Nuair a lorgáinn Aire nó an NDA breis eolas faoi ghéilliúlacht, seolfaidh an chomhlacht phoiblí é sin laistigh de thrí mhí (S 49.1)
- Má leantar de neamhghéilliúlacht ar feadh dhá bhliain, is má bhíonn an NDA den tuairim nach bhfuiltear géilliúil, féadfaidh siad ‘bearta áirithe’ a lorg ionas go mbeidh an chomhlacht in ann géilliúlacht a bhaint amach.

1.2 Fostaithe míchumais a chomhaireamh

Mar a luadh cheana féin, de réir Alt 48 (2) den Acht Míchumais 2005 ní mór do chomhlachtaí poiblí sonraí fostaithe a bhailiú agus go háirithe fostaithe míchumais **ar bhonn bliantúil**.

“Subject to *subsection (7)* a public body shall, not later than 31 March in each year, draw up a report in writing in relation to its compliance with this Part during the **preceding year** and submit it to the relevant monitoring committee”

San Acht ní leagtar síos aon modh chun foireann faoi mhíchumas a áireamh ná a aithint, cé gur chuir an NDA comhairle ar chomhlachtaí poiblí faoi ina leith san ar bhonn bliantúil. Caithfidh gach comhlacht poiblí an modh atá oiriúnach dóibh féin a roghnú chun an líon foireann a áireamh in aghaidh na bliana. D’iarr an NDA

orthu a bheith leanúnach maidir le modhanna i gcaitheamh na haimsire chun difríochtaí móra sna sonraí mar a tuairiscítear iad a sheachaint.

Beart lárnach i gcás foireann faoi mhíchumas a aithint is ea daonáireamh iomlán foirne, nuair a iarrtar ar chách a chur in iúl má táthar faoi mhíchumas. Is léir ó na tuairiscí a thagann gur fada óna chéile iad na rátaí freagartha foirne. Bíonn dúshlán ag baint le timpeallacht a chruthú mar a mbeidh an duine faoi mhíchumas sásta é sin a admháil. De réir ár dtaithí féin faightear na torthaí is fearr mar a leanas:

- Chomh maith leis an daonáireamh bíonn clár cumarsáid a mhíníonn an gá atá leis, slándáil an eolais agus an leas a bhaintear d'fhostaithe agus don eagraíocht ar an iomlán. Is maith an chabhair í dul i gcomhar le ceardchumann agus páirtithe leasmhara eile.
- Cruthaíonn an fostóir cultúr agus timpeallacht mar a dtuigeann an ball foirne nach mbeidh aon toradh diúltach ar an mbeart ó thaobh na fostaíochta de má luaitear an míchumas.

Ní gá daonáireamh iomlán gach aon bhliain. Bíonn daonáireamh ag comhlachtaí poiblí áirithe ó am go chéile, baintear leas as taifid Daonacmhainní chun cuntas a choimeád orthu siúd a tháinig nó a d'imigh nó iarratais ar chúiseanna réasúnta chun athruithe a aithint idir an dá linn, ar ndóigh bíonn bearta cuí cosanta in úsáid. Nuair nár tharla daonáireamh le tamall de bhlianta, féadfaidh sé sin a bheith úsáideach chun tábhacht lucht míchumais a fhostú a léiriú agus d'fhéadfaí cur le timpeallacht a ghlacann leis an nochtadh.

Mhol an NDA freisin go mba chóir a chur in iúl do na fostaithe cén fáth go raibh na sonraí á mbailiú agus an leas a bhainí astu ina dhiaidh sin. Níor mhór cead a bheith faighte ó fhostaithe faoi mhíchumas a gcuid sonraí a úsáid in aghaidh na bliana.

1.3 Cur le hearcú daoine atá faoi mhíchumas

Faoin **Straitéis Chuimsitheach do Lucht Míchumais 2015 – 2024**, tá rún ag an Rialtas an sprioc reachtúil fostaithe a ardú ar bhonn méadaithe, ionas go mbeidh ar a laghad 6% de na foistaithe san earnáil phoiblí faoi mhíchumas faoin mbliain 2024. Forálar é sin san Acht (Forálacha Ilghnéitheacha) Míchumais 2016.

Molann an NDA i gcónaí do chomhlachtaí poiblí gur sprioc mar íosmhéid don ghéilliúlacht is ea an figiúr 3% agus nár mhór dóibh díriú ar é sin a shárú. I 2018, thuiriscigh 186 (86.1%) comhlacht poiblí go raibh an ghéilliúlacht bainte amach acu.

Leagaimid béim freisin ar an bhfíric go mba chóir do chomhlachtaí poiblí saothrú i dtreo timpeallacht ionchuimsitheach oibre a chruthú agus a choimeád ar siúl,

earcú agus fostaíocht lucht míchumais a chur chun cinn agus tacú léi maraon le fostaíthe faoi mhíchumas a bheith ar a suaimhneas faoin mhíchumas a admháil. Faoin Acht Míchumais 2005 éilítear go gcuire comhlachtaí poiblí fostaíocht lucht míchumais chun cinn ar bhonn gníomhach, dá bhrí sin cuireann an NDA san áireamh na gnímh déanta sa réimse úd anuas ar na tuairiscí staitisticiúla a chuirtear chugainn. Dá reir sin iarraidimid ar chomhlachtaí poiblí na gnímh chuí a léiriú dúinn mar chuid dá dtuairisciú.

1.4 Athbhreithniú ar Chuid 5

I 2018, fuair an NDA conraitheoir chun Athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú Cuid 5 den Acht Míchumais 2005. Tá sé mar aidhm ag an Athbhreithniú forbairt agus feidhmiú próisis a threorú mar a leanas chun:

- Leas a bhaint as sonraí agus foghlaim inaistrithe a thagann chugainn ó phríomhghnéithe eagraíochtaí um thimpeallacht ionchuimsitheach oibre a chruthú is a choimeád ar siúl, i dtreo fostú lucht míchumais a chur chun cinn agus tacú leo maraon len iad a bheith ar a suaimhneas faoin mhíchumas a admháil
- Chomh fada agus is féidir, cur le feabhsú leanúnach ar fud na hearnála poiblí agus é á threorú maidir leis na timpeallachtaí ioncuimsitheacha úd a chruthú is a choimeád mar sin
- Chomh fada agus is féidir, deiseanna fostaíochta a mhéadú do lucht míchumais
- Bearta áirithe a aithint chun cabhrú le comhlachtaí poiblí an ghéilliúlacht a mhéadú don bhunspríoc reachtúil fostaíochta mar 3%

Foilseofar torthaí an taighde a forbraíodh mar chuid den Athbhreithniú i 2021, mar aon le páipéar ag leagan amach moltaí maidir leis na chéad chéimeanna eile chun próiseas Chuid 5 a fheabhsú mar phríomhthiománaí chlár oibre EDI san earnáil phoiblí

2. Príomhthorthaí do 2019

2.1 Sáraíodh an sprioc 3% don naoiú bliain as a chéile

Don naoiú bliain as a chéile sháraigh líon iomlán an lucht míchumas sa tseirbhís phoiblí an sprioc 3%, féach Tábla), dearbhaíodh an leibhéal do 2019 mar 3.1%.

Ag deireadh na bliana 2019 bhí an líon iomlán fostaithe mar 238,174, méadú 6,390 (+2.8%) ar 2018. I 2019, bhí an líon iomlán fostaithe faoi mhíchumas mar 7,319, laghdú 265 (-3.5%) ar fhiúirí 2018.

Idir 2007 agus 2013, tháinig laghdú ar an líon iomlán fostaithe in aghaidh na bliana. Ó 2014 i leith mhéadaigh an líon iomlán fostaithe san earnáil phoiblí in aghaidh na bliana. I gcontrárthacht de sin, cé gur méadaigh an líon fostaithe a luaigh míchumas gach bliain idir 2014 is 2017, tá an uimhir tar éis titim i 2018 agus 2019. Dá réir sin bhí laghdú ar chéatadán na bhfostaithe faoi mhíchumas, ó 3.3% i 2018, agus go 3.1% i 2019.

Tábla 4. I dtreo sprioc íosmhéid 3%, 2007-2019

Bliain	Iomlán fostaithe	Líon foirne tuairiscithe faoi mhíchumas	% den líon iomlán atá faoi mhíchumas
2007	238,833	5,879	2.5%
2008	229,000	6,083	2.7%
2009	219,653	6,380	2.9%
2010	210,249	5,748	2.7%
2011	205,068	6,171	3.0%
2012	197,588	6,611	3.3%
2013	192,576	6,464	3.4%
2014	195,278	6,771	3.5%
2015	201,341	7,245	3.6%
2016	213,991	7,457	3.5%
2017	225,809	7,796	3.5%
2018	231,784	7,584	3.3%
2019	238,174	7,319	3.1%

2.2 Athruithe ar chomhlachtaí

I dTábla 5 mínítear na hathruithe a tharla i gcomhlachtaí i 2019.

Tábla 5. Athruithe ar chomhlachtaí poiblí i 2019

Comhlacht Poiblí	Líon iomlán fostaithe		Líon agus % fostaithe faoi mhíchumas		Athruithe i 2019
	2018	2019	2018	2019	
Cuideachta Phoirt Ros Mhic Thriúin	4	0	0 (0.0%)	0 (0.0%)	I 2019, d'aistrigh úinéireacht an chomhlacht poiblí seo go Comhairle Contae Loch Garman. Cuimsíodh figiúirí an chomhlacht poiblí seo do 2019 i bhfigiúirí na Comhairle 2019.
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (TUD) (comparáid déanta le IT B.Á.C , IT Baile Bhlainséir agus IT Tamhlacht le chéile i 2018)	3,177	3,123	131 (4.1%)	130 (4.2%)	I 2019, tháinig IT B.Á.C , IT Baile Bhlainséir agus IT Tamhlacht le chéile mar TUD.
An Ghníomhaireacht Forbartha Talún	0	11	0	0 (0.0%)	Comhlacht nua a bunaíodh i 2019.
Oifig an Rialaitheoir Pleanáil	0	19	0	1 (5.3%)	Comhlacht nua a bunaíodh i 2019.

2.3 Anailís de réir cineál an chomhlacht poiblí

Cuireadh sonraí 2019 i gcúig cinn de chatagóirí comhlachtaí poiblí ar aon dul le blianta eile:

- Comhlachtaí Tráchtála
- Ranna Rialtais
- Comhlachtaí Údarás Áitiúla
- Comhlachtaí Neamhthráchtála Poiblí
- Comhlachtaí Poiblí faoi Státseirbhísí

Comhlachtaí Tráchtála

Cuimsíonn an earnáil Comhlachtaí Tráchtála na comhlachtaí stáit iompair agus fuinnimh agus i 2019 b'in 16.5% de líon an lucht oibre san earnáil poiblí (Tábla 6). Ar an iomlán mhéadaigh an líon fostaithe idir 2018 agus 2019 faoi 1,488 go

39,309 (+3.9%) agus an líon fostaithe a thairiscigh míchumas faoi 121 go 1,762 (+7.4%). Mhéadaigh an céatadán fostaithe faoi mhíchumas i Comhlachtaí Tráchtála ó 4.3% i 2018 go 4.5% i 2019. Ar an iomlán, shroich 88.5% na gcomhlachtaí sa chatagóir seo an sprioc, méadú ó fhiúir 2018 mar 84.6%.

Ranna Rialtais

I 2019, bhí 9.3% d'fhostaithe san earnáil phoiblí ag obair sna Ranna Rialtais. I 2019, bhí méadú ar an líon iomlán fostaithe sna Ranna Rialtais ó 21,283 i 2018 go 22,239 (+4.5%). Idir 2018 agus 2019, méadaigh an líon fostaithe faoi mhíchumas faoi 208 go 1,197 (+21.0%). Méadaigh céatadán na bhfostaithe a thairiscigh míchumas ó 4.6% i 2018 go 5.4% i 2019. Sháraigh na Ranna Rialtais ar fad an sprioc íosmhéid 3% do 2019 don ochtú bliain as a chéile.

Rialtas Áitiúil

Cuimsíonn an earnáil Rialtais Áitiúil na comhairlí cathrach agus contae agus comhlachtaí eile údarás áitiúla. I 2019, b'in 13.9% den lucht oibre san earnáil phoiblí. Idir 2018 agus 2019, ar an iomlán méadaigh an líon fostaithe faoi 986 go 33,001 (+3.1%) i 2019. Méadaigh an líon fostaithe a thairiscigh míchumas faoi 50 duine, ó 1,461 go 1,511 (+3.4%) i 2019. Bhí céatadán na bhfostaithe faoi mhíchumas sa chatagóir Rialtas Áitiúil mar 4.6%, ar aon dul le 2018. Ar an iomlán, shroich 91.4% de chomhlachtaí sa chatagóir seo an sprioc, arís ar aon dul le 2018. Ar na 32 comhlacht poiblí as 35 a shroich an sprioc bhí na húdaráis áitiúla ar fad. Comhlachtaí an-bheaga, níos lú ná 25 ball foirne acu, ab ea na trí Chomhthionól Réigiúnacha (8.6%) nár bhain amach an sprioc.

Comhlachtaí Poiblí faoi Státseirbhísigh (PBCS)

Cuimsíonn an earnáil seo comhlachtaí a fhostaíonn státseirbhísigh mar Na Coimisinéirí Ioncaim, An Phríomh-Oifig Staidrimh, IHREC agus An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. I 2019, bhí na háisínreachaí úd mar 6.9% den lucht oibre poiblí. Idir 2018 agus 2019, méadaigh an earnáil faoi 2,092 fostaí go 16,422 (+14.6%), agus méadaigh an líon fostaithe faoi mhíchumas faoi 113 go 757 (+17.5%). Méadaigh céatadán na bhfostaithe faoi mhíchumas go mion ó 4.5% i 2018 go 4.6% i 2019. Ar an iomlán, bhain 78.6% de na comhlachtaí san earnáil seo an sprioc, méadú ar 73.2% i 2018.

Comhlachtaí Neamhthráchtála

Seo an earnáil is mó sa tseirbhís phoiblí mar is ann atá FSS, an fostóir is mó san earnáil phoiblí. I 2019, bhí breis is a leath (53.4%) den lucht oibre san earnáil phoiblí san earnáil seo. Idir 2018 and 2019, méadaigh an earnáil faoi 868 fostaí go 127,203 (+0.7%), ach thit an líon fostaithe faoi mhíchumas faoi 757 go 2,092 (-26.6%). Thit céatadán na bhfostaithe faoi mhíchumas ó 2.3% i 2018 go 1.6% i 2019. Ar an iomlán, bhain 84.2% de Chomhlachtaí Neamhthráchtála an sprioc, méadú ó 83.5% i 2018.

Tábla 6. Sonraí de réir cineál an chomhlacht poiblí, 2018, 2019

Cineál comhlacht san earnáil poiblí	Iomlán foirne	Líon foirne faoi mhíchumas	% foirne faoi mhíchumas	% iomlán foirne luaite faoi Chuid 5	% comhlachtaí a shroich an sprioc	Líon comhlachtaí poiblí
Tráchtála 2019	39,309	1,762	4.5%	16.5%	88.5%	26
Tráchtála 2018	37,821	1,641	4.3%	16.3%	84.6%	26
Athrú 2018/2019	1,488	121	0.2%	0.2%	3.9%	0
Roinn Stáit 2019	22,239	1,197	5.4%	9.3%	100.0%	18
Roinn Stáit 2018	21,283	989	4.6%	9.2%	100.0%	18
Athrú 2018/2019	956	208	0.8%	0.1%	0.0%	0
Rialtais Áitiúil 2019	33,001	1,511	4.6%	13.9%	91.4%	35
Rialtais Áitiúil 2018	32,015	1,461	4.6%	13.8%	91.4%	35
Athrú 2018/2019	986	50	0.0%	0.1%	0.0%	0
Neamh-thráchtála 2019	127,203	2,092	1.6%	53.4%	84.2%	95
Neamh-thráchtála 2018	126,335	2,849	2.3%	54.5%	83.5%	97
Athrú 2018/2019	868	-757	-0.7%	-1.1%	0.7%	-2
PBCS 2019	16,422	757	4.6%	6.9%	78.6%	42
PBCS 2018	14,330	644	4.5%	6.2%	73.2%	41
Athrú 2018/2019	2,092	113	0.1%	0.7%	5.4%	1
Iomláin 2019	238,174	7,319	3.1%	100.0%	86.1%	216
Iomláin 2018	231,784	7,584	3.3%	100.0%	84.3%	217
Athrú 2018/2019	6,390	-265	-0.2%	0.0%	1.8%	-1

Comparáid idir fhigiúirí 2019 le sonraí FSS agus gan iad

Léiríonn Tábla 7 an difríocht idir líon agus céatadán na bhfostaithe a thuiriscíonn míchumas agus an céatadán comhlachtaí poiblí a shroicheann an t-íosmhéid 3% sa chatagóir seo gan FSS a bheith san áireamh.

Má bhaintear na sonraí 2019 FSS den chatagóir seo, méadaíonn céatadán na bhfostaithe a thuiriscíonn míchumas ó 1.6% go 4.2% (+2.6%). Méadaíonn an céatadán comhlachtaí poiblí a shroicheann an sprioc ó 84.2% go 85.1% (+0.9%).

Tábla 7. 2019 Comhlachtaí Neamhthráchtála, sonraí FSS ann agus as

Cineál comhlacht san earnáil phoiblí	Iomlán foirne	Líon foirne faoi mhíchumas	% foirne faoi mhíchumas	% iomlán foirne luaite faoi Chuid 5	% comhlachtaí a shroich an sprioc	Líon comhlachtaí poiblí
Neamh-thráchtála 2019 (gan sonraí FSS)	38,988	1,628	4.2%	26.0%	85.1%	94
Neamh-thráchtála 2019 (sonraí FSS istigh)	127,203	2,092	1.6%	53.4%	84.2%	95

2.4 Anailís de réir méid an chomhlacht san earnáil phoiblí

Comhlachtaí poiblí ag a bhfuil foireann faoi bhun 100

I 2019 bhí 76 comhlacht san earnáil phoiblí ag a raibh foireann faoi bhun 100, b'in 1.3% den lucht iomlán oibre (feach Tábla 8). Fostaíodh 3,210 duine, agus 5.2% (166) luaite faoi mhíchumas. As iomlán na bhfostaithe a thuiriscigh míchumas, bhí 2.3% ag obair i gcomhlachtaí poiblí den mhéid céanna.

Sa chatagóir seo tá comhlachtaí poiblí atá an-bheag ar fad, idir 3 agus 20 ball foirne acu (25 as na 76 eagraíocht). Na comhlachtaí úd ag a bhfuil foireann faoi bhun 20 duine, thuiriscigh siad nach raibh aon fhostaí faoi mhíchumas acu i 2019.

Aithníonn an NDA go bhfuil sé dian ar chomhlacht phoiblí atá an-bheag is níos lú ná 20 ball foirne acu an sprioc mar 3% a bhaint amach. Bac amháin ar an sprioc a bhaint amach is ea duine faoi mhíchumas ag dul ar scor, ar sos gairme, nó ag glacadh le scéim barraíochta. Má chailltear nó má earcaítear ball amháin foirne ní shroictear nó sroictear an sprioc mar 3% dá réir.

I gcomhlachtaí beaga poiblí freisin, tá gach seans nach mbeadh gach éinne faoi mhíchumas ar a c(h)ompord ag nochtadh an mhíchumais. Chuirfeadh sé sin isteach chomh maith ar chomhlachtaí poiblí ag iarraidh a ndualgais a thuirisciú go cruinn faoi Chuid 5 den Acht Míchumais 2005.

Comhlachtaí poiblí ag a bhfuil foireann idir 100 agus 999

Is sa chatagóir seo atá an líon is mó comhlachtaí poiblí (102) agus sin 17.7% den lucht iomlán oibre i 2019. Ar an iomlán, fostaíodh 42,156 duine sa chatagóir seo agus 4.8% (2,021) luaite faoi mhíchumsas. Ar an líon iomlán fostaithe a thuiriscigh míchumas, fostaíodh 27.6% acu i gcomhlachtaí poiblí dá leithéid seo.

Comhlachtaí poiblí ag a bhfuil foireann idir 1000 agus 4999

I 2019, bhí 32 comhlacht poiblí ag a bhfuil idir 1,000 agus 4,999 fostaí, sin go díreach 29.1% den lucht iomlán oibre. Sa díorma seo bhí 69,395 fostaí agus 4.2% (2,890) luaite faoi mhíchumas. Ar an líon iomlán fostaithe a thuiriscigh míchumas, fostaíodh 39.5% acu i gcomhlachtaí poiblí dá leithéid seo.

Comhlachtaí poiblí ag a bhfuil foireann os cionn 5,000

